AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 202 final

Moladh le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Bulgáire**

{SWD(2025) 202 final}

GA

GA

Moladh le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Bulgáire

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**Breithnithe ginearálta**

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d’aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais[2] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh.

(4) An 15 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Bhulgáir a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 4 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh

[2] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

[4] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

agus athléimneachta na Bulgáire[5] a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 8 Nollaig 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta[6]. Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an mBulgáir. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An [dáta], ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Bulgáire[7]. Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar thréimhse 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Bhulgáir ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[8] an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire (8091/22).

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire (15837/2023).

[7] Moladh ón gComhairle [an 21 Eanáir/ an 18 Feabhra/…] 2025 [lena bhformhuinítear an plean struchtúrach fioscach meántéarmach / lena socraítear conair ghlanchaiteachais] na [Tíre], IO C/2025/[6xx/xxx], [10.2/ll.mm].2025.

[8] Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http:// data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).)

domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta , agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme . Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir leis an mBulgáir. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBulgáir ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an mBulgáir. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Bulgáire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

**Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn**

(11) An [dáta] mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Bulgáire: 6,2 % in 2025, 4,9 % in 2026, 4,4 % in 2027 agus 4,0 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2024, mar atá 6,2 % in 2025, 11,4 % in 2026, 16,3 % in 2027 agus 21 % in 2028. An 2 Bealtaine 2025, chuir an Bhulgáir a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn[9] isteach maidir le sonraí olltoraidh fioscacha ábhartha agus réamh-mheastacháin fhioscacha ábhartha, agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í

[9] Tá na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025 le fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga

ar thuairisciú débhliantúil na Bulgáire i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin. Tar éis iarraidh a fháil ón mBulgáir an 2 Bealtaine 2025, an [dáta], agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena gceadaítear don Bhulgáir imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais agus iad a shárú[10].

(13) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat[11], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Bulgáire ó 2,0 % de OTI in 2023 go 3,0 % in 2024, agus tháinig méadú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 22,9 % de OTI ag deireadh 2023 go 24,1 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 10,4 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, measann an Bhulgáir gurb é 12,3 % an fás glanchaiteachais in 2024. Tá ráta fáis glanchaiteachais níos ísle ann i ríomhanna an Choimisiúin mar gheall ar an gCoimisiún caiteachas aonuaire a thaifeadadh in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[12], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach neodrach ann den chuid is mó in 2024.

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Bulgáire, tá coinne le fás fíor-OTI 3,0 % in 2025, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 3,6 % ann in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 2,0 % in 2025 agus faoi 2,1 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,6 % ann in 2025 agus 1,8 % in 2026.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,9 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 28,9 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 8,6 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais 2,8 % de OTI ann in 2025. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 9,2 % in 2025. Na réamh-mheastacháin sin ar fhás glanchaiteachais atá níos airde ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is é is cúis leo caiteachas réamh-mheasta arna chistiú ag an Aontas níos ísle, chomh maith le tionchar réamh-mheasta níos lú ag bearta lánroghnacha ioncaim, cé go bhfuil

[10] Moladh ón gComhairle lena gceadaítear don Bhulgáir imeacht ón gconair ghlanchaiteachais mholta agus í a shárú (Gníomhachtú an chlásail éalaithe náisiúnta, IO (...)

[11] Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

[12] Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

sé i gcomparáid le caiteachas iomlán níos ísle, i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún le haghaidh 2025. Chuir taifeadadh an Choimisiúin ar chaiteachas aonuaire le haghaidh 2024 leis an difríocht sin freisin trí bhonn tosaigh níos ísle a chruthú le haghaidh 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 1,1 % de OTI. Tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 25,1 % faoi dheireadh 2025.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas 1,0 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,4 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Bulgáire.

(17) 1,6 % de OTI in 2021 agus in 2022 agus 1,5 % de OTI in 2023, ba é sin caiteachas cosanta an rialtais ghinearálta sa Bhulgáir[13]. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go gcaithfear 1,4 % de OTI in 2024 agus 2,6 % de OTI in 2025 ar an gcosaint. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 1,2 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2024. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Bhulgáir in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(18) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Bhulgáir faoi 9,2 % in 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na Bulgáire in 2025 os cionn an uasráta fáis a mholtar, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall[14] 1,1 % de OTI in 2025. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta.

(19) Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 2,8 % de OTI in 2026. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d’fhás glanchaiteachais 1,7 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach chrapthach ann in 2026, mar atá 0,8 % de OTI. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 27,1 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2026 den chuid is mó easnamh príomhúil cobhsaí os cionn 2 % agus díbhoilsciú marthanach le linn na tréimhse réamhaisnéise, in éineacht le rátaí úis atá ag dul i méid.

[13] Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

[14] Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.

**Príomhdhúshláin bheartais**

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Bulgáire leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú an tráth céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Bhulgáir dlús a chur ar bhonn práinne le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha. Chun athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Bulgáire agus an Aontais i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais, beidh sé ríthábhachtach caibidil REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Go háirithe, baineann siad sin le cur chuige comhsheasmhach beartais a choinneáil ar bun maidir leis na hathchóirithe struchtúracha atá beartaithe a chur chun feidhme chomh maith le nósanna imeachta soláthair phoiblí iomaíocha agus éifeachtacha a áirithiú chun gur féidir na hinfheistíochtaí atá beartaithe a dhéanamh go tráthúil. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(21) Sa Bhulgáir, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Bhulgáir ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais comhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. An tráth céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an mBulgáir, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an mbochtaineacht (fuinnimh) agus leis an gcuimsiú sóisialta, le cáilíocht agus cuimsitheacht an oideachais, le forbairt scileanna, le grúpaí leochaileacha a imeascadh i margadh an tsaothair agus leis an aistriú fuinnimh, rud atá fós ríthábhachtach don athléimneacht fhadtéarmach agus don iomaíochas, réimsí ina bhféadfaí deiseanna nua a chur ar fáil trí bhéim bhreise a leagan ar fhorbairt teicneolaíochtaí straitéiseacha. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an mBulgáir – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025[15], cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta

[15] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

2025. Cuirtear ar fáil leis freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais comhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh.

(22) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gClár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Bhulgáir na tionscnaimh sin a úsáid chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(23) Anuas ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile an Aontais, tá roinnt dúshlán breise roimh an mBulgáir a bhaineann le cáilíocht an oideachais agus scileanna, cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus an cuimsiú sóisialta. I measc na ndúshlán breise, a bhaineann an bonn den timpeallacht ghnó agus den iomaíochas, tá feidhmiú an riaracháin phoiblí, lena n-áirítear neamhspleáchas na rialtóirí, éifeachtacht na nósanna imeachta soláthair phoiblí agus stiúradh an taighde agus na nuálaíochta. Baineann dúshláin bhreise leis an leibhéal ard spleáchais ar bhreoslaí iontaise, bochtaineacht fuinnimh leanúnach, bonneagar iompair inbhuanaithe tearcfhorbartha agus drochbhainistiú dramhaíola agus uisce.

(24) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: 25 % ar a laghad, agus 35 % ar a laghad i gcás FBManna; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don Bhulgáir beart a dhéanamh freisin. Measann 66 % de ghnólachtaí gur fadhb í castacht na nósanna imeachta riaracháin dá gcuideachta agus iad i mbun gnó sa Bhulgáir[16]. Ní leor fós cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn an riarachán poiblí, agus tá éagothromaíochtaí réigiúnacha móra ann. Measann formhór mór na ngnólachtaí go bhfuil an t-éilliú forleathan agus gur fadhb é agus iad i mbun gnó. I measc na bpríomhdhúshlán eile atá roimh an timpeallacht ghnó tá an t-ualach mór riaracháin agus bacainní rialála. D'fhéadfaí dul i ngleic leis na saincheisteanna sin trí sheirbhísí riaracháin a dhigitiú a thuilleadh agus tríd an gcostas a bhaineann le gnólacht a thosú a laghdú. Is minic a bhíonn easpa iomaíochta nó cáilíochta ag baint le nósanna imeachta soláthair phoiblí, rud a fhágann go minic go mbíonn easpa tairgeoirí nó achomhairc rathúla ann. Tá rioscaí éillithe sa soláthar poiblí fós ard, rud a dhíspreagann gnólachtaí ó bheith páirteach ann mar gheall ar chlaontacht a mheastar a bheith ann sna coinníollacha agus i meastóireachtaí. Bíonn srianta acmhainní ar chomhlachtaí rialála agus is minic a bhíonn siad faoi réir tionchar polaitiúil, rud a bhaineann an bonn óna neamhspleáchas agus ó cháilíocht a gcuid oibre. Tá difríochtaí móra ann i dtuarastail na rialtóirí éagsúla, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht saineolaithe ardchaighdeáin a mhealladh. .

16 'Dearcadh gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas', Flaistuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024).

(25) Is íseal leibhéal na hinfheistíochta T& F sa Bhulgáir agus ní leithdháiltear í go héifeachtúil, rud a fhágann go mbíonn tionchar agus éifeachtacht íseal ag baint léi, go háirithe i gcás T&F poiblí. In 2023 ba é 0,28 % de OTI an caiteachas poiblí ar T&F, i gcomparáid le meán 0,72 % an Aontais. Ina theannta sin, is beag na naisc idir an saol acadúil agus gnólachtaí i gcónaí. Is measa an leibhéal íseal caiteachais T&F mar gheall ar chistí poiblí atá scaipthe thar go leor institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí taighde éagsúla. Is é an toradh a bhíonn ar na laigí sin aschur íseal nuálaíochta mar is léir ón ráta íseal déine paitinne agus an líon íseal foilseachán eolaíoch, luanna agus comhfhoilseachán eolaíoch poiblí príobháideach atá faoi bhun mheán an Aontais.

(26) Is saincheisteanna tosaíochta i gcónaí don Bhulgáir iad rochtain a fháil ar fhuinneamh glan inacmhainne agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Bhí an Bhulgáir sa cheathrú háit maidir leis praghsanna mórdhíola leictreachais ab airde in 2024, i bpáirt mar gheall ar an spleáchas leanúnach ar bhreoslaí iontaise, rud a ghineann 25 % den leictreachas, infhaighteacht theoranta teicneolaíochtaí solúbthachta neamh-iontaise, chomh maith le hidirnascacht theoranta idir Oirdheisceart agus Lár na hEorpa. Leis an athchóiriú a cuireadh siar ar léirscaoileadh an mhargaidh leictreachais miondíola, cuirtear bac ar an aistriú chuig fuinneamh glan inacmhainne toisc go gcuireann an easpa neamhchosanta ar chomharthaí praghais leis an éileamh, go háirithe le linn buaicuaireanta, ar lena linn a bhfreastalaíonn gléasraí beaga cumhachta breosla iontaise air. Tá fóirdheontais mhóra breosla iontaise ag an mBulgáir, is é sin thart ar 0,82 % dá OTI, agus níl sé beartaithe deireadh a chur leo de réir a chéile roimh 2030. Go háirithe, maidir le fóirdheontais breosla iontaise nach dtéann i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe agus nach dtugann aghaidh ar fhíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, d'fhéadfaí iad sin a mheas mar thosaíocht deireadh a chur leo de réir a chéile. Sa Bhulgáir, maidir le fóirdheontais breosla iontaise, amhail taraifí ar sholáthar leictreachais do ghléasraí teasa agus cumhachta in éineacht, chomh maith leis an ordú nua ón Stát leictreachas a cheannach ó ghléasra cumhachta teirmí 'Maritsa East II', tá siad neamhéifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de, buanaíonn siad an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus is dídhreasacht iad maidir le dícharbónú na n-earnálacha cumhachta agus téimh.

(27) Tá moill tagtha ar ghlacadh fuinnimh in-athnuaite sa Bhulgáir. In 2024, chuir an Bhulgáir 1 GW de thoilleadh nua fuinnimh in-athnuaite (grianfhuinneamh fótavoltach den chuid is mó) lena toilleadh fuinnimh, síos ó 1,2 GW an bhliain roimhe sin. Leis na nósanna imeachta deonaithe ceadanna atá casta agus fada, cruthaítear bacainní maidir le toilleadh nua gaoithe ar talamh a shuiteáil, rud is léir ón easpa toillte nua le blianta beaga anuas. Níl leas á bhaint go fóill as acmhainneacht na suiteálacha gaoithe amach ón gcósta de dheasca na heaspa creata rialála, go háirithe maidir le sprioclimistéir a ainmniú agus plean forbartha eangaí a sholáthar do limistéir chósta. Cé gur chruthaigh an Bhulgáir bunús dlí maidir le sprioclimistéir a ainmniú le haghaidh suiteálacha gaoithe in 2023 mar chuid d'athchóiriú faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, níl na limistéir sin ainmnithe aici go fóill.

(28) Is minic a bhíonn drochbhail theicniúil ar chórais téamh ceantair na Bulgáire, agus ritheann an chuid is mó dóibh ar ghás nádúrtha nó ar ghuail.

(29) Mar thoradh ar an toilleadh stórála gearrthéarmaí neamhleor agus ar an ngá atá le bheith ag brath ar ghineadóirí breosla iontaise, bhí ceann de na luascadh praghsanna mórdhíola is airde san Aontas sa Bhulgáir, lenar bhain athrú laethúil EUR 185/MWh ar an meánphraghas mórdhíola in 2024. Tá an leachtacht theoranta ar an margadh mórdhíola mar gheall ar an léirscaoileadh páirteach agus an scéim cúitimh d'úsáideoirí gnó tar éis bac fada a chur ar chomhiomlánú agus ar acmhainneacht freagartha don

éileamh, rud a laghdaíonn solúbthacht an chórais leictreachais. Ina theannta sin, beidh an easpa léirscaoileadh iomlán sa mhargadh miondíola ag baint an bhoinn de sholúbthacht an chórais leictreachais go fóill.

(30) Tá acmhainneacht nasctha eangaí na Bulgáire le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite ag éirí níos teoranta, go háirithe ar an leibhéal dáileacháin, rud a éilíonn infheistíocht bhreise sa ghréasán chun comhtháthú leanúnach foinsí in-athnuaite fuinnimh a bhainistiú.

(31) Is dúshlán struchtúrach fós í an bhochtaineacht fuinnimh, agus tá an sciar daoine nach bhfuil in ann a dtithe a choinneáil te go leor fós os cionn mheán an Aontais. Cé gur ghlac an Bhulgáir sainmhíniú dlíthiúil ar an mbochtaineacht fuinnimh in 2023 mar chuid d’athchóiriú faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, ní mór di fós na daoine atá buailte a shainaithint agus scéimeanna tacaíochta éifeachtacha spriocdhírithe a dhearadh dóibh.

(32) Tá déine fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa na monaraíochta sa Bhulgáir i measc na n-astaíochtaí is airde san Aontas i gcónaí. Thit déine fuinnimh na monaraíochta idir 2017 agus 2022 go 2,45 GWh/EUR d’oll-bhreisluach (OBL) ach tá sé fós i bhfad níos airde ná meán an Aontais (1,05 GWh/EUR d’oll-bhreisluach). Dá gcuirfí éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn sa mhonaraíocht - go háirithe in earnálacha dianfhuinnimh - agus dá laghdófaí úsáid fuinnimh thionsclaíoch, bheadh gnóthachain táirgiúlachta agus iomaíochais ann don gheilleagar.

(33) Is é an t-iompar an earnáil is mó a ghineann na hastaíochtaí sa Bhulgáir le méadú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar de bhóthar idir 2005 agus 2023, cé gur tháinig laghdú orthu san Aontas ar an iomlán. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun glacadh iompair ghlain sa Bhulgáir a dhreasú, amhail iompar poiblí a chur chun cinn ar bhealach níos fearr, mar shampla tríd an tseirbhís ticéid aonair don iompar poiblí a rolladh amach, an bonneagar iarnróid a nuachóiriú agus na línte iarnróid atá fágtha a leictriú, an nascacht iarnróid trasteorann a fhorbairt, bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil agus limistéir astaíochtaí ísle a chur chun feidhme i limistéir uirbeacha.

(34) Is dúshlán fós é bainistiú inbhuanaithe uisce agus dramhaíola sa Bhulgáir. Tá acmhainneacht institiúideach theoranta aici fós chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun comhordú idir na húdaráis náisiúnta inniúla a neartú, chun uirlisí faireacháin agus samhaltaithe a fhorbairt, agus chun feabhas a chur ar thuairisciú agus ar phleanáil ar an leibhéal fonáisiúnta. Meastar gurb é EUR 439 milliún in aghaidh na bliana an bhearna infheistíochta i mbainistiú uisce chun ceanglais na Creat-Treorach Uisce agus na Treorach maidir le Tuilte a chomhlíonadh.

(35) Tá easpa bunscileanna sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht ag sciar ard de dhaltaí meánscoile, rud a chuireann bac mór ar fhorbairt scileanna amach anseo. Sa Chlár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) ó ECFE in 2022, tearcghnóthachtáil sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht a bhí i gceist le thart ar leath de dhaoine óga na Bulgáire atá 15 bliana d’aois agus bhí rátaí níos airde fós ann i measc daltaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste. Tá an tearcfheidhmíocht sin nasctha freisin leis na curaclaim scoile, atá fós an-eolasbhunaithe. Ní bhaintear úsáid leordhóthanach as cineálacha cur chuige atá bunaithe ar inniúlachtaí nó atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, gan mórán béime ar fhorbairt bunscileanna ná ar inniúlachtaí ETIM. Tá cáilíocht an teagaisc thíos mar níl tallann á mhealladh chuig an ngairm, i bpáirt mar gheall ar easpa forbartha gairmiúla leanúnaí agus oiliúna atá curtha in oiriúint do riachtanais na múinteoirí. Tá neamhionannais mhóra shocheacnamaíocha fós ann agus tá leibhéal ard

leithscartha shóisialta ann a dhéanann difear do scoileanna agus a chuireann leis an neamhionannas foghlama.

(36) Tá margadh saothair na Bulgáire fós docht le ráta íseal dífhostaíochta 4,2 % ann in 2024 agus tuairiscíonn fostóirí go bhfuil gá le breis agus 260 000 oibrí breise, arb ionann é agus thart ar 9 % de na daoine atá fostaithe faoi láthair. Cé gur thit an sciar daoine óga (15-29) nach bhfuil i mbun oibre, oideachais ná oiliúna, tá sé fós 1,7 pointe céatadáin os cionn mheán an Aontais. D'ainneoin feabhsuithe beaga in 2024, tá an bhearna fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas fós ar cheann de na bearnaí is airde san Aontas, is é sin 35,4 pointe céatadáin in 2024. Tá an ráta fostaíochta do dhaoine nach bhfuil níos mó ná oideachas meánscoile íochtaraí acu 42 phointe céatadáin níos ísle ná mar atá i gcás daoine a bhfuil oideachas treasach acu, bearna i bhfad níos airde ná meán an Aontais. Ina theannta sin, tá dúshláin shubstaintiúla roimh na Romaigh maidir le hobair a fháil agus níl ach 47 % díobh fostaithe faoi láthair. Ní leor na sreafaí dearfacha imirce glaine le déanaí chun an meath atá ag teacht ar an lucht saothair agus ar eisimirce oibrithe óga ardoilte a fhritháireamh. Is measa na dúshláin sin sa mhargadh saothair mar gheall ar ghanntanais agus mímheaitseálacha scileanna an lucht saothair. Tá scileanna digiteacha i measc an daonra oibre fós an-íseal ach tá bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 40,1 % d'oibrithe (25-64 bliana d'aois). Thairis sin, is measa an ganntanas scileanna ós rud é nach gcomhlíonann gairmoideachas agus gairmoiliúint agus oideachas treasach riachtanais an mhargaidh saothair, go háirithe sna hearnálacha atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Thairis sin, tá ceann de na leibhéil is ísle rannpháirtíochta foghlama i measc daoine fásta san Aontas tuairiscithe ag an mBulgáir le 10 mbliana anuas, rud a bhí ag 9,5 % in 2022 i gcomparáid le meán 39,5 % an Aontais.

(37) Tá baol an eisiaimh shóisialta agus na bochtaineachta fós ard, go háirithe do leanaí, do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas, agus do na Romaigh. Tá an caiteachas ar shochair cosanta sóisialta sa Bhulgáir ar cheann de na leibhéil is ísle san Aontas (18,3 % i gcomparáid le meán 26,8 % an Aontais de OTI in 2023), go háirithe le haghaidh cúnamh sóisialta agus sochair theaghlaigh agus dhífhostaíochta. Tá leordhóthanacht an íosioncaim i bhfad faoi bhun mheán an Aontais (19,1 % vs. 56,3 % de thairseach na bochtaineachta in 2023). Ní bhfuair ach 25,1 % de dhaoine dífhostaithe sa ghearrthéarma sochair dhífhostaíochta in 2024. Léiríonn cumas teoranta an chórais i ndáil leis an mbochtaineacht a laghdú an gá atá lena éifeachtúlacht, cumhdach agus éifeachtacht a fheabhsú. In 2024 níor tháinig ach laghdú 27,7 % ar an mbochtaineacht mar gheall ar aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh), rud atá faoi bhun mheán 34,4 % an Aontais. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim de sheirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta[17].

(38) D'ainneoin méaduithe ar chaiteachas ar chúram sláinte ó bhí 2019 ann, níl laghdú tagtha ar mhortlaíocht ó chúiseanna inchóireáilte sa Bhulgáir, agus tá sé sin fós níos mó ná dhá oiread mheán an Aontais, rud a léiríonn neamhéifeachtúlachtaí sa chóras cúraim sláinte. D'ainneoin laghdú le déanaí ar chion na n-íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha le haghaidh cúram sláinte, tá sé fós ar an leibhéal is airde san Aontas. Tháinig laghdú arís ar an líon altraí agus dhochtúirí ginearálta sa Bhulgáir in 2023. Tá níos lú ná altra amháin in aghaidh an dochtúra ar an meán ann anois agus tá an sciar

[17] SWD(2025)95 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2025.

d'altraí cleachtacha in aghaidh gach 1000 duine fós i measc na rátaí is ísle san Aontas, rud a bhaineann an bonn de rochtain ar sheirbhísí leighis agus de cháilíocht na seirbhísí sin. In 2023, bhí os cionn 40 % d'altraí agus 50 % de dhochtúirí 55 bliana d'aois nó níos sine ná sin, rud a bhaineann an bonn den rochtain ar sheirbhísí sláinte san fhadtéarma, in éineacht le comhchruinniú an lucht saothair agus na saoráidí i gceantair uirbeacha.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Bhulgáir in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta a threisiú i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an [dáta], agus úsáid á baint as an liúntas faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta níos airde.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, dlús a chur ar bhonn práinne le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+, CC), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, an raon feidhme a chuirtear ar fáil le InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Na coinníollacha cumasúcháin a chruthú chun borradh a chur faoin iomaíochas trí fheidhmiú agus acmhainneacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach. Rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin a laghdú chun cothrom iomaíochta a chruthú do ghnólachtaí. Éifeachtacht na mbeart frithéillithe a fheabhsú, go háirithe i gcásanna éillithe ardleibhéil. Feabhas a chur ar cháilíocht na nósanna imeachta soláthair phoiblí agus neamhspleáchas agus feidhmiú rialtóirí a neartú. Tionchar agus éifeachtacht na hinfheistíochta poiblí T&F a mhéadú trí thaighde agus nuálaíocht a dhíriú i níos lú institiúidí agus trí thráchtálú an aschuir taighde a fheabhsú.

4. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, lena n-áirítear trí léirscaoileadh margaidh a chur chun cinn, dlús a chur le rolladh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe trí limistéir a ainmniú maidir le ceadú mear le haghaidh suiteálacha gaoithe. Bearta sonracha a dhéanamh chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis na fóirdheontais a thacaíonn le táirgeadh leictreachais gualbhunaithe agus téamh ceantair. Solúbthacht an chórais leictreachais a mhéadú chun luaineacht praghsanna mórdhíola a laghdú, go háirithe tríd an scóip le haghaidh comhiomlánú agus freagairt don éileamh a leathnú agus trí acmhainneachtaí stórála leordhóthanacha a áirithiú. Bonneagar na heangaí leictreachais a uasghrádú ar an leibhéal dáileacháin trí bhonneagar eangaí cliste a rolladh amach agus trí línte agus fostáisiúin a uasghrádú. Dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh trí chóras faisnéise cothrom le dáta a fhorbairt maidir le teaghlaigh fhuinneamhbhochta agus teaghlaigh fhuinneamhleochaileacha agus tacaíocht a thabhairt dóibh trí bhearta beartais spriocdhírithe. Bearta éifeachtúlachta fuinnimh a spreagadh san earnáil tionsclaíochta. Rolladh amach agus glacadh iompair inbhuanaithe uirbigh, phoiblí agus iarnróid a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhlús a chur le forbairt an bhonneagair is gá. Feabhas a chur ar bhainistiú uisce

agus dramhaíola trí dhul i ngleic le laigí institiúideacha agus trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar chun úsáid inbhuanaithe acmhainní a áirithiú.

5. Teagasc agus foghlaim inniúlachtbhunaithe a neartú. Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc le hoiliúint múinteoirí tosaigh, leanúnach agus de réir riachtanas. Feabhas a chur ar cháilíocht, ábharthacht don mhargadh saothair agus cuimsitheacht an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear do na Romaigh agus do ghrúpaí eile faoi mhíbhuntáiste. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, trí bhearta a chur chun feidhme go héifeachtach chun leibhéal fostaíochta daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil leibhéal oideachais níos ísle íseal acu, na Romach agus daoine neamhghníomhacha a mhéadú. Sealbhú scileanna a threisiú chun borradh a chur faoin iomaíochas agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Aghaidh a thabhairt an gcuimsiú sóisialta trí rochtain ar sheirbhísí comhtháite fostaíochta agus sóisialta a fheabhsú, agus trí thacaíocht ioncaim íosta níos éifeachtaí a sholáthar. Rochtain ar sheirbhísí sláinte a fheabhsú, lena n-áirítear trí íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha a laghdú agus trí dhul i ngleic le ganntanais agus dáileadh míchothrom na ngairmithe sláinte d'fhonn borradh a chur faoi éifeachtacht, inrochtaineacht agus acmhainneacht an chórais sláinte.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*